



Title	Ag Freastal ar Ghlaio an Chrotaigh: Eachtra Le Beo agus Raja
Authors(s)	Wright, Nathan T., Ní Chléirigh, Laoise, Nic an Bhaire, Máire, McMahon, Barry J., Curran, Thomas P.
Publication date	2025-02-18
Publication information	Wright, Nathan T., Laoise Ní Chléirigh, Máire Nic an Bhaire, Barry J. McMahon, and Thomas P. Curran. Ag Freastal ar Ghlaio an Chrotaigh: Eachtra Le Beo agus Raja. University College Dublin, 2025.
Publisher	University College Dublin
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/27409

Downloaded 2025-03-05 15:57:07

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



© Some rights reserved. For more information

Ag Freastal ar Ghlao an Chrotaigh

Eachtra le Beo agus Raja



Léaráidí le Nathan T. Wright
Scéal le Laoise Ní Chléirigh, Máire Nic an Bhaird,
Barry J. McMahon agus Thomas P. Curran
Léitheoir Profaí: Liam Mac Mathúna

Cuairt ar Pháirc na Cúile,
Contae na Gaillimhe...

Féach, a Raja! Crann na Síniúchán.
Ní féidir liom é a chreidiúint. Shínigh
Dubhghlas de hÍde, agus an Bhantiarna
Gregory an crann seo.



Dubhghlas de hÍde
Uachtarán na hÉireann
1860-1949



An Bhantiarna
Augusta Gregory
Drámadóir agus téalaloidéasóir
1852-1932



WB Yeats
He Inspires
The Curlew

M'anam, léigh Beo an dialann
a scríobh Dubhghlas de hÍde sa bhliain 1874 i
Leabharlann Naisiunta na hÉireann domsa tráth.
Bhí sé dúnta i ngrá lena mhadra Diver.
N'fheadar an raibh Diver ina mhadra
bolaíochta cosúil liomsa?

Páirc na Cúile

Raja, an gcloiseann
tú é sin? Tá sé cosúil
le glao céasta...

Bhuf!

Á crotach atá ann...
An créatúr bocht. Anois, inis
dúinn, cad atá cearr?



Á muiсе!

Ó bhó bhó.

“Tá a sheanscéal aoibhinn féin ag chuile chnoc, lios, creig, crann casta agus gleann uaigneach.” - 1886


Teanga... talamh... oidhreacht... an dúlra... Táimid ar fad fiṡe fuaite le chéile! Mar a scríobh de hilde (nó An Craoibhín Aoibhinn mar a thugtaí air) ina chuid dialann!

Tá an ceart ag an gcrotach! Má chaillimid na crotaih, caillimid an dúlra, caillimid sinn féin.

Tír gan teanga, tír gan anam

Mar a thagann an ceol ón gcrotach, tagann an teanga ón talamh. Tír gan teanga, tír gan anam.

Ní raibh soicind le sparáil! Bhí misean ag muintir Bheo. Bhí orthu an sceal a scaipeadh.



Titim 96% i líon na gcrotach laistigh de 30 bliain!

Sábháil an Crotach!

Freastail ar Ghlaó an chrotaigh...

Chuala siad go raibh ceoltóir mór le rá an-tógtha leis an gcrotach agus chuaigh siad chuig a cheolchoirm.

"The arc of sound
Hits the prism of the human heart
Unspools a yearning
And my feet are on that circular path
And I'm returning"




A chairde!

Go mairimid le chéile i rithim nádúrtha na séasúir!
Sábháil an crotach agus a amhrán do na glúnta atá le teacht.
I mbithghuilleagar, oibrímid i dtiún leis an nádúr seachas i gcoinne an nádúir. An bhfuil tú ábalta amhrán draíochta an chrotaigh a bhrath? Bí bródúil as ainm do bhaile, agus as na créatúir a bhfuil cónaí orthu ann! Is féidir linn éacht a bhaint amach le chéile.

Iontach, David Gray!
Sábháil an crotach!

Bhuf!
Bhuf!





Bhuel, a chairde, chuala mé gur shábháil do chéad uachtarán Dubhghlas de hÍde, An Bhantiarna G agus grúpa beag tionchair bhur dteanga agus bhur n-aitheantas tráth dá raibh? Déanaigí mar a rinne siadsan romhaibh, agus sábhálaigí an crotach! Oíche mhaith!




Agus lean an misean ar aghaidh...

Le bheith ionraic, ní raibh clíú againn! Go raibh míle maith agaibh Beo agus Raja, Coimeádfaimid na rógairí seo ar na hiallacha sna bogaigh agus sna páirceanna!

Sábháil an crotach!



Sin é, a chairde, piocaigí suas gach uile bhlúire bruscair. Ní chuirtear rud ar bith amú, i mbithgheilleagar! Is féidir linn!



Gan mo shúil do bheith dúnta In aimsir screadta na n-éan...

Fiadhúlra faoi chosaint Crottaigh ag neadú anseo Madraí ar iallacha

Thuig daoine ar deireadh, nuair atá bithgheilleagar i bhfeidhm go mbíonn speiceas scáthach faoi chosaint agus ag bláthú. Faoi sciatháin an chrottaigh agus faoina ghob fada gleoite, tugtar cosaint do neart créatúiríní eile chomh maith! Ar scáth a chéile a mhairimid!




Ó Raja ... D'fhreastail ár sinsir ar chás na Gaeilge. Táimid ag freastal ar ghlaio an chrotaigh... Séard atá i mbithgheilleagar ná ceiliúradh a dhéanamh ar fhéiríní an domhain...

An ceart aici!
Hmm... N'fheadar cad é an chéad mhisean eile?



Tagaim leat a Bheo!
Aithníonn ciaróg ciaróg eile!

Tá an foilseachán seo ar fáil le híoslódáil
ó Research Repository UCD:



Ba mhaith leis na húdair a mbuíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas:
Tionscadal Fís Eorpach BioBeo;
Ionad Taighde Bithgheilleagair Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) BiOrbic;
Scoil na hInnealtóireachta Bithchorais agus na hInnealtóireachta Bia UCD;
Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD;
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad;
Breeding Waders EIP;
Mary Colwell, Curlew Action;

Tá tuilleadh eolais faoin tionscadal seo ar fáil ar
shuíomh gréasáin BioBeo <http://www.biobeo.eu/>

